C/2024/1648

21.2.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11395 — MYTILINEOS / VOLTERRA)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/1648)

1. An 13 Feabhra 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— MYTILINEOS S.A. ('MYTILINEOS', an Ghréig),

— VOLTERRA ANONYMI ETAIREIA PARAGOGIS KAI EMPORIAS ENERGEIAS ('VOLTERRA S.A.', an Ghréig), faoi rialú AVAX ANONYMI ETAIREIA — ERGOLIPTIKI — TOURISTIKI — EMPORIKI — VIOMICHANIKI — OIKODOMIKON YLIKON KAI MICHANIMATON ('AVAX S.A.', an Ghréig).

Gheobhaidh MYTILINEOS rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar VOLTERRA S.A ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— i gcás MYTILINEOS: fuinneamh (lena n-áirítear táirgeadh agus soláthar mórdhíola agus miondíola leictreachais, chomh maith le soláthar mórdhíola agus miondíola gáis nádúrtha) agus miotalóireacht,

— i gcás VOLTERRA S.A.: fuinneamh (go háirithe soláthar miondíola leictreachais agus gáis nádúrtha).

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11395 — MYTILINEOS / VOLTERRA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.